

**An Bhruiséil, 31 Iúil 2026
(OR. en)**

12301/26

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2023/0111(COD)
2023/0113(COD)

**EF 219
ECOFIN 1066**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 615 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Iomaíochas na hEarnála Baincéireachta agus an Margadh Aonar Baincéireachta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 615 final.

Faoi iamh: COM(2026) 615 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.7.2026
COM(2026) 615 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG
COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE
NA RÉIGIÚN**

Iomaíochas na hEarnála Baincéireachta agus an Margadh Aonar Baincéireachta

{SWD(2026) 615 final}

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG
COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE
NA RÉIGIÚN**

Iomaíochas na hEarnála Baincéireachta agus an Margadh Aonar Baincéireachta

1. Ról na hearnála baincéireachta i ngeilleagar an Aontais

Tá ról lárnach ag na bainc i ngeilleagar an Aontais agus tá earnáil baincéireachta iomaíoch fíor-riachtanach chun fás, nuálaíocht agus tosaíochtaí straitéiseacha a mhaoiniú. Tá iomaíochas na mbanc ag brath freisin ar gheilleagar rathúil láidir. Is iad na bainc an phríomhfhoinsí maoinithe do theaghlaigh, do chorporáidí móra agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide san Aontas. Sa bhealach ar an ról traidisiúnta atá acu maidir le hiasachtú, déanann na bainc rochtain ar mhargaí caipitil a éascú, cuidíonn siad le gnóilachtaí maoiniú cothromais agus fiachais a fháil agus cuireann siad ar chumas coigilteoirí infheistíocht a dhéanamh. I dtimpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, tá na ról éagsúla sin atá ag an earnáil baincéireachta níos tábhachtaí fós chun uathriail straitéiseach an Aontais a chaomhnú. Tá an ról atá acu criticiúil chun freastal ar na riachtanais mhaoiniúcháin atá ag cuideachtaí san Aontas, ar riachtanais iad atá ag dul i méid, go háirithe in earnálacha straitéiseacha.

Leis an straitéis um an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta¹, cuirfear feabhas ar an gcaoi a ndéantar leithdháileadh coigiltis ar infheistíochtaí táirgiúla a éascú i gcóras airgeadais an Aontais. Beartaítear leis an straitéis earnáil baincéireachta atá éifeachtúil agus comhtháite a bhaint amach, atá bunaithe ar leabhar rialacha aonair agus ar Aontas Baincéireachta a bheith curtha i gcrích. Tá an straitéis, agus achoimre na dtograí sa tuarascáil seo, ailínithe le Compás Iomaíochais an Aontais², leis na moltaí i dtuarascálacha Letta³ agus Draghi⁴, leis an Straitéis um an Margadh Aonair⁵, leis an treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin'⁶ agus leis an bPlean Gníomhaíochta um Ghrinn-athbheithniú Reachtaíochta⁷. Chun tacú le geilleagar an Aontais i gcoitinne, ní mór an deis a bheith ag earnáil baincéireachta iomaíoch oibriú gan uaim, a mhéid is féidir, thar theorainneacha, rogha níos leithne táirgí a thairiscint do choigilteoirí agus d'infheisteoirí agus scála iomchuí a bhaint amach i gcomhréir le ceanglais stuamachta agus le rialacha iomaíochta. An tráth céanna, ní mór earnáil baincéireachta iomaíoch a bheith solúbtha go leor, ní mór samhlacha gnó éagsúlaithe a bheith mar chuid di, agus ní mór di a bheith in ann an nuálaíocht a chothú agus freastal ar iontrálaithe nua.

Tá earnáil baincéireachta agus margá caipitil an Aontais idirspiléach ar a chéile agus ba cheart iad a fhorbairt i gcomhthráth. Is féidir le bainc cuidiú le forbairt mhargaí caipitil an Aontais a chothú, go háirithe ar bhonn trasteorann, agus tairbhe á baint an tráth céanna as sruthanna móra ioncaim atá nasctha le hinfeistíocht ghaolmhar agus le seirbhísí corparáideacha gaolmhara. Is féidir le bainc dul i bpáirt le hinfeisteoirí, mar shampla, trí tháirgí saincheaptha nó gníomhaíochtaí frithgheallta a fhorbairt. Dá réir sin, d'fhéadfadh margadh caipitil níos éifeachtúla agus níos comhtháite cuidiú le bainc a bheith níos iomaíche,

¹ An Coimisiún Eorpach (2025), *Straitéis um an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta*.

² An Coimisiún Eorpach (2025), *Compás Iomaíochais an Aontais*.

³ Enrico Letta (2024), *Margadh thar an gcoitiantacht*.

⁴ Mario Draghi (2025), *The future of European competitiveness* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa].

⁵ An Coimisiún Eorpach (2025), *A strategy for making the Single Market simple, seamless and strong* [Straitéis chun an Margadh Aonair a dhéanamh simplí, rianúil agus láidir].

⁶ An Coimisiún Eorpach (2026), *Treochlár le haghaidh Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach*.

⁷ An Coimisiún Eorpach (Aibreán 2026), Plean Gníomhaíochta um Ghrinn-athbheithniú Reachtaíochta a ghabhann leis an teachtaireacht maidir le *Leabhar Rialacha AE Níos Simplí Níos Soiléire agus a Fhorfheidhmítear ar Bhealach Níos Fearr*.

ar bhonn intíre agus ar bhonn idirnáisiúnta. San Aontas, ní hamháin, leis an gcomhlántacht sin idir na margaí baincéireachta agus caipitil, go gcuideofaí leis an ngeilleagar a mhaoiniú, lena n-áirítear a thosaíochtaí straitéiseacha, ach go laghdófaí spleáchas ar bhainc idirnáisiúnta eachtracha le haghaidh seirbhísí airgeadais criticiúla.

Ní féidir le hearnáil baincéireachta lena mbaineann drochfheidhmíocht nó atá leochaileach an ról atá aici sa gheilleagar a chomhlíonadh go héifeachtach ná tacú leis na riachtanais infheistíochta mhéadaitheacha atá ag cuideachtaí san Aontas. Dá réir sin, ní mór d'earnáil baincéireachta an Aontais a bheith láidir agus athléimneach go leor in aghaidh suaití a d'fhéadfadh a bheith ann, agus bunphrionsabail láidre (e.g. brabúsacht, luachálacha margaidh, toradh ar chothromas, struchtúir chostais bharrainneacha, rialachas láidir), agus leibhéil chaipitil agus leachtachta atá calabraithe go hiomchuí. Go deimhin, is féidir athléimneacht den sórt sin a mheas mar ghné ríthábhachtach den iomaíochas san earnáil baincéireachta.

Leis an Teachtaireacht seo agus leis an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann léi, comhlíontar gealltanais an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar staid reatha an iomaíochais in earnáil baincéireachta an Aontais. Sna ranna seo a leanas, leagtar béim ar an dul chun cinn nach beag atá déanta maidir le hathléimneacht agus feidhmíocht fhoriomlán na hearnála a fheabhsú le 15 bliana anuas, leagtar amach na príomhfhadhbanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu fós agus moltar bealach chun cinn dearfach atá dírithe ar an todhchaí. Tá an Teachtaireacht bunaithe ar chomhairliúcháin fhorleathana leis na páirtithe leasmhara uile chun a áirithiú go mbeidh an anailís, an measúnú agus na conclúidí bunaithe ar fhianaise mar a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann léi.

Agus iomaíochas earnáil baincéireachta an Aontais á mheas, ní mór comhbhabhtálacha idir cuspóirí éagsúla a aithint roimh ré, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- *Ní mór an nuálaíocht agus an fás inbhuanaithe a chur chun cinn agus an athléimneacht á caomhnú an tráth céanna.* Chun an nuálaíocht agus an fás a chur chun cinn i ngeilleagar an Aontais, beidh gá le hathrú freagrach cultúir, agus le hathchothromú éigin sa chreat rialála le haghaidh na mbanc, rud a chiallaíonn go mbogfar ón gcur chuige atá ann faoi láthair, ar cur chuige coil riosca go minic é, go cur chuige atá oscailte do rioscaí freagracha tomhaiste. Tá ról lárnach ag an gCoimisiún i ndáil leis sin, trí mhachnamh a dhéanamh ar an leibhéal iomchuí riosca ar féidir leis an gcóras tacú leis ar an iomlán. Mar sin féin, ní mór athléimneacht na hearnála baincéireachta a chaomhnú, ós rud é gur réamhchoinníoll é don fhás inbhuanaithe.
- *Tugtar le tuiscint le comhchuibhiú rialacha ar leibhéal an Aontais go ndéanfar rogha náisiúnta a laghdú.* Chun earnáil baincéireachta an Aontais atá comhtháite a fhorbairt, beidh gá le leabhar rialacha aonair i ndáiríre ach ní féidir é sin a bhaint amach má leantar den rórialáil, den chur chun feidhme éagsúil, den dubailt tuairiscithe nó de chumhachtaí náisiúnta a úsáid chun sárú a dhéanamh maidir le cumaisc.
- *Ní mór coimircí iomchuí a chur i bhfeidhm i gcomhthráth le comhtháthú earnáil baincéireachta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní dhlísteanacha.*

Chun an earnáil baincéireachta a chomhtháthú, ní mór athrú a dhéanamh ar an gcaidreamh atá ann faoi láthair idir na Ballstáit bhaile agus na Ballstáit óstacha agus ní bheidh sé inghlactha ach amháin má tá an chosaint chéanna ag an gcobhsaíocht airgeadais sna Ballstáit uile.

- *Bearta a dhéantar chun borradh a chur faoin iomaíochas, is féidir coinne a bheith leis go mbeidh tionchar acu ar leibhéal cheanglais chaipitil na mbanc.* Maidir le feabhas a chur ar chomhtháthú margaidh, deireadh a chur le forluí, an creat rialála a shimpliú, modheolaíochtaí maidir le ceanglais áirithe a chomhchuibhiú nó tuilleadh comhréireachta a thabhairt isteach, beidh tionchar acu sin ar na ceanglais a chuirtear i bhfeidhm maidir le bainc áirithe i réimsí beartais áirithe, agus beidh gá le calabrúchán cúramach i bhfianaise a dtionchar foriomlán.

Chun na comhhabhtálacha éagsúla sin a bhainistiú, beidh gá le meascán de shaineolas teicniúil agus de bhreithiúnas polaitiúil chun an chothromaíocht idir dul i riosca agus athléimneacht san earnáil baincéireachta a choigeartú go cúramach. Déanfar é sin trí na bearta a leagtar amach sa tuarascáil seo agus ar bhonn leanúnach trí fhaireachán níos láidre a dhéanfaidh an Coimisiún ar iomaíochas na hearnála baincéireachta.

2. An dul chun cinn agus na dúshláin atá fós ann i margadh aonair baincéireachta an Aontais

Mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais dhomhanda (GAD), tá leabhar rialacha aonair do bhainc forbartha ag an Aontas agus tá athchóiriú déanta aige ar a chreataí maoirseachta, réitigh agus macrastuamachta. Le 15 bliana anuas, leis na hathchóirithe sin, cuidíodh le feabhas a chur ar athléimneacht na mbanc agus éascaíodh bainistiú éifeachtach géarchéime nuair ba ghá. San Aontas Baincéireachta, is ar an Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) atá an fhreagracht as gach banc a údarú agus déantar maoirseacht dhíreach leis ar 111 bhanc, a bhfuil 85 % d'iomlán na sócmhainní baincéireachta ina seilbh. I gcás na mbanc sin, is ar an Sásra Réitigh Aonair (SRA) atá an fhreagracht as ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus bainistiú géarchéimeanna agus tacaíonn Ciste Réitigh Aonair (CRA) leis sa dá réimse sin, ar Ciste é ar fíú os cionn EUR 81 bhilliún é. Déantar scéimeanna náisiúnta ráthaíochta taiscí a mhaoiniú go leordhóthanach agus treisíodh iad chun fuascailtí tapa a cheadú, rud a chuireann le muinín taisceoirí. Bhí ról lárnach ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) maidir leis an leabhar rialacha aonair a fhorbairt agus cóineasú maoirseachta a neartú ar fud an Aontais, agus bhí ról an chórais luathrabhaidh ag an mBord Eorpach um Riosca Sistémach (BERS) agus chuidigh sé le bearta macrastuamachta náisiúnta a chur chun feidhme.

Leis na hathchóirithe rialála agus institiúideacha, tá athrú ó bhonn tagtha ar earnáil baincéireachta an Aontais. I gcodarsnacht leis an tréimhse roimh GAD, tá bainc an Aontais athléimneach agus staideanna cuntais caipitil agus leachtachta láidre acu. Deimhníodh an athléimneacht sin go seasta le cleachtaí tástála struis uile-Aontais a rinne ÚBE agus an Banc

Ceannais Eorpach (BCE), lena n-áirítear an cleachtadh is déanaí a rinneadh in 2025⁸. Níos tábhachtaí fós, maidir le hathléimneacht earnáil baincéireachta an Aontais, tá a éifeachtaí agus atá an athléimneacht sin cruthaithe i bhfiordhálaí le linn phaindéim COVID-19, an tsuaite fuinnimh tar éis ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin, agus an tsuaite baincéireachta sna Stáit Aontaithe agus san Eilvéis in earrach 2023. Ghníomhaigh na bainc mar mhaolairí turrainge seachas mar údair leata an struis eacnamaíoch. Ó bhí 2023 ann, tá brabúsacht mharthanach á baint amach ag na bainc arís freisin, agus rinne siad torthaí ar chothromas a bhaint amach a bhí ann roimh an ngéarchéim arís eile, rud a léiríonn gur féidir athléimneacht agus brabúsacht a bheith fite fuaite le chéile.

Tá earnáil baincéireachta an Aontais athléimneach agus brabúsach, ach tá sí fós an-íloirnte ar bhonn teorainneacha náisiúnta agus tá roinnt dúshlán le sárú aici a bhaineann leis an gcreat rialála agus lena chur chun feidhme. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin chun go mbeidh na bainc in ann páirt níos mó a ghlacadh maidir le haghaidh a thabhairt ar an líon mór riachtanais infheistíochta a measadh i dtuarascáil Draghi a bheith cothrom le EUR 1 200 billiún in aghaidh na bliana, chun an t-iomaíochas a choinneáil ar bun, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an aistriú glas agus maidir leis an aistriú digiteach, chun an tslándáil agus an athléimneacht a neartú agus chun leanúint de bheith ceannasach ó thaobh na teicneolaíochta de, rud a fhágann go bhfuil gá le hinfheistíocht go háirithe in earnálacha straitéiseacha amhail an teicneolaíocht dhomhain, an teicneolaíocht ghlan, an chosaint, an intleacht shaorga agus an bhith-theicneolaíocht.

Tá trí phríomhdhúshlán sainaitheanta ag an gCoimisiún a chuireann teorainn le hacmhainneacht na hearnála baincéireachta tacaíocht éifeachtach a thabhairt do gheilleagar an Aontais. Ar an gcéad dul síos, tá an earnáil ró-íloirnte, rud a chuireann cosc ar uas-scálú, ar ghnóthachain éifeachtúlachta, ar úsáid tháirgiúil acmhainní, agus ar éagsúlú geografach thar teorainneacha náisiúnta. Ar an dara dul síos, dá ndéanfaí caighdeáin idirnáisiúnta a thrasú i gcreat rialála an Aontais, d'fhéadfaí sainiúlachtaí an Aontais a chur san áireamh ar bhealach níos fearr agus d'fhéadfaidís a bheith níos comhréirí. Ar an tríú dul síos, tá gnéithe áirithe de chreat rialála an Aontais róchasta agus tá ualach míchuí ag baint leo agus ba cheart iad a shimpliú. Tá sé rithábachtach aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na trí dhúshlán sin chun earnáil baincéireachta a fhorbairt nach bhfuil athléimneach amháin ach a thacaíonn ar bhealach níos fearr le geilleagar an Aontais trí fhás inbhuanaithe, nuálaíocht, slándáil agus rathúnas fadtéarmach a mhaoiniú.

2.1 Ilroinnt ar bhonn teorainneacha náisiúnta

Tá feabhas tagtha ar chomhtháthú trasteorann earnáil baincéireachta an Aontais le blianta beaga anuas ach níl sé maith go leor fós. Tá comhtháthú teoranta den chuid is mó don mhargadh idirbhainc, agus tá gníomhaíochtaí trasteorann eile fós an-teoranta. Mar shampla, níl in iasachtú corparáideach trasteorann laistigh den limistéar euro ach thart ar 16 %

⁸ Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach anseo an tuarascáil ar chleachtadh tástála struis uile-Aontais 2025 a rinne ÚBE ([nasc](#)) agus BCE ([nasc](#)).

den iasachtú corparáideach iomlán⁹. Is é is cúis leis sin go príomha go bhfuil deacrachtaí ann maidir le teagmháil a dhéanamh le cliaint i mBallstáit eile gan láithreach fhisiciúil a bheith ag banc ann, nó láithreach bhainc a leathnú agus a bhunú i margaí nua, go horgánach nó trí chomhdhlúthú trasteorann. Ó bhí GAD ann, tharla comhdhlúthú earnáil baincéireachta an Aontais beagnach go heisiach ar bhonn intíre, toisc go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar chumaisc agus éadálacha trasteorann ar fud an Aontais, cé gur tháinig méadú orthu in 2025. Mar thoradh air sin, tá go leor grúpaí baincéireachta san Aontas atá mór i gcoibhneas le méid a ngeilleagair intíre, ach ní i gcoibhneas le méid gheilleagair an Aontais ná le méid gheilleagair an Aontais Baincéireachta, ná le hiomaitheoirí idirnáisiúnta.

Is léiriú í an ilroinnt san earnáil baincéireachta ar ghné náisiúnta an-suntasach i gcreat rialála an Aontais.

- **Murab ionann agus i ndlíní eile, le creat rialála an Aontais, cuirtear de cheangal ar ghrúpaí baincéireachta trasteorann ceanglais chaipitil agus leachtachta a chomhlíonadh ar an leibhéal comhdhlúite agus ar leibhéal na bhfochuideachtaí araon.** Leis an ghné sin, cuirtear cosc ar na grúpaí sin níos mó de na hacmhainní sin a bhainistiú go lárnach ar leibhéal an ghrúpa, rud a chuireann teorainn leis an éifeachtúlacht. Ina theannta sin, cuireann an ceanglas teorainn le héifeachtúlacht grúpaí baincéireachta trasteorann, agus é ina bhacainn *de facto* ar chumaisc trasteorann. Meastar go scaoilfí thart ar EUR 230 billiún de shócmhainní leachtacha ardcháilíochta dá gcuirfí deireadh leis na srianta ar leachtacht atá á sealbhú i bhfochuideachtaí trasteorann de chuid ghrúpaí baincéireachta an Aontais¹⁰. Léirítear leis an ngné láidir náisiúnta sin den rialáil stuamachta ábhair inní faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cliseadh bainc ar gheilleagair na mBallstát ina bhfuil fochuideachtaí trasteorann. Tá ábhair inní den sórt sin fós ann d'ainneoin chur chun feidhme an leabhair rialacha aonair, na leibhéal athléimneachta nach beag atá bainte amach ag na bainc, agus an dul chun cinn maidir leis an Aontas Baincéireachta a fhorbairt (rud atá fós neamhiomlán, áfach, go háirithe in éagmais sásra uile-Aontais Baincéireachta le haghaidh árachas taiscí). I measc na dtosca stuamachta eile a chuireann le hilroinnt leanúnach tá láimhseáil éagsúil risíochtaí inghrúpa intíre agus trasteorann, ilchineálacht agus easpa intuarthachta maidir le ceanglais stuamachta a leagan síos agus comhordú neamhleor i measc maoirseoirí, údarás réitigh agus údarás macrastuamachta.
- **Cúis eile atá leis an ilroinnt is ea an rórialáil náisiúnta agus na difríochtaí i dtrasuí rialacha an Aontais.** Baineann na gnéithe sin an bonn d'éifeachtacht an leabhair rialacha aonair, rud a fhágann go bhfuil sé anásta agus costasach do ghrúpaí baincéireachta oibriú thar theorainneacha. Idir an dá linn, d'fhéadfadh spleáchas méadaithe ar ionstraimí dlí bhoig laistigh den chreat rialála – ar minic a dhéanann

⁹ An Banc Ceannais Eorpach (2026), [ECB response to the Commission consultation on the competitiveness of the EU banking sector](#) [Freagairt BCE ar chomhairliúchán an Choimisiúin maidir le hiomaíochas earnáil baincéireachta an Aontais]

¹⁰ An Banc Ceannais Eorpach (2026), [ECB response to the Commission consultation on the competitiveness of the EU banking sector](#) [Freagairt BCE ar chomhairliúchán an Choimisiúin maidir le hiomaíochas earnáil baincéireachta an Aontais]

údaráis inniúla náisiúnta an Aontais, údaráis inniúla náisiúnta, oifigigh chomhlíontachta na mbanc agus iniúcháirí seachtracha iad a léirmhíniú mar shrianta ceangailteacha – cur leis an éifeacht sin.

- **Cuireann idirghabhálacha náisiúnta i gcumaisc banc cosc ar bhainc scála a bhaint ar leibhéal an Aontais.** Is rómhinic a chuireann idirghabhálacha gan údar ar an leibhéal náisiúnta bac ar chumas bhainc an Aontais comhdhlúthú a dhéanamh. Mar thoradh air sin, cuirtear cosc ar na bainc sin uas-scálú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais¹¹, lena n-áirítear trí chumaisc thrasteorann. Bíonn tionchar aige sin ar a luachálacha agus ar a gcumas gnóthachain éifeachtúlachta a ghiniúint, cuireann sé teorainn lena gcumas seirbhísí airgeadais criticiúla a thairiscint do theaghlaigh agus do ghnólachtaí agus cuireann sé srian orthu dul in iomaíocht go héifeachtach i margaí airgeadais domhanda le haghaidh gníomhaíochtaí baincéireachta corparáideacha agus infheistíochta.
- **Cuireann rialacha náisiúnta nó difríochtaí i dtrasuí rialacha an Aontais i réimsí seachas an réimse stuamachta teorainn le gníomhaíochtaí baincéireachta trasteorann.** Áirítear ar na bacainní neamhstuamachta sin rialuithe frithsciúrtha airgid, an dlí sibhialta, cosaint sonraí, cánachas¹², an dlí dócmhainneachta agus rialacha foriaimh agus rialacha áirithe maidir le cosaint tomhaltóirí nach gcuirtear i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar fud na mBallstát, cé go gcomhchuibhítear iad ar bhealach éigin ar leibhéal an Aontais. Is féidir le cur chun feidhme rialacha náisiúnta éagsúla bainc a dhídhreasú ó sholáthar trasteorann seirbhísí a shaothrú, go háirithe sa bhaincéireacht mhiondíola. I dtimpeallacht an lae inniu atá ag éirí níos digití, baineann locht ríthábhachtach le hardáin TF arna bhforbairt ag bainc chun freastal ar riachtanais margaidh náisiúnta nach féidir a mhacasamhlú go héasca ar fud an Aontais. Cuireann sé sin srian ar shamhail ghnó na baincéireachta trasteorann, cuireann sé teorainn leis an iomaíocht i measc na mbanc, laghdaíonn sé an rogha do chliaint, agus méadaíonn sé praghsanna.

2.2 Caighdeán idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus sainiúlachtaí an Aontais á gcur san áireamh

Tá an tAontas tiomanta do na caighdeáin idirnáisiúnta arna leagan síos ag Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus do mholtaí an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais. Tá cur chun feidhme caighdeán idirnáisiúnta fíor-riachtanach chun cobhsaíocht

¹¹ Is toisc thábhachtach é scála lena gcinntear rannchuidiú bainc leis an ngeilleagar i roinnt réimsí a bhaineann le gníomhaíochtaí baincéireachta infheistíochta, e.g. eisiúintí fiachais cheannasaigh nó tráchtála a fhrithghealladh, eisiúint cothromais, seirbhísí taisceánach, déileáil phríomhúil i margaí rátaí malairte eachtraí EUR agus díorthach, comhairle agus struchtúrú margaí maidir le cumaisc agus eadálacha, tionscadail mhóra chriticiúla a mhaoiniú agus eile.

¹² D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach [staidéar](#) le déanaí a rinne comhairleoir seachtrach maidir le creat cánach na hearnála airgeadais atá ann faoi láthair. Féachtar sa staidéar seo ar CBL – óna bhfuil formhór na gcoisheirbhísí airgeadais díolmhaithe – agus ar chánacha eanála a chuirtear i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta san Aontas.

airgeadais a chosaint agus chun cothrom iomaíochta a chaomhnú. San Aontas, murab ionann agus dlínsí eile, cuirtear caighdeáin idirnáisiúnta i bhfeidhm maidir leis na bainc uile chun sláine an Mhargaidh Aonair a chaomhnú. Tá níos mó ná 4500 banc agus thart ar 650 grúpa baincéireachta san Aontas, rud a chruthaíonn éiceachóras baincéireachta éagsúil lena maoinítear geilleagar an Aontais. Tá réimse leathan cineálacha banc i gceist, ó bhainc chasta dhomhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus atá ag feidhmiú ar fud an domhain, go bainc bheaga a bhfuil samhail ghnó níos traidisiúnta ná na bainc dhomhanda sin acu nó nach bhfuil chomh casta leo, ar bainc iad sin a thacaíonn le maoiniú áitiúil FBManna, lena n-áirítear i réigiúin lagfhorbartha. Mar gheall ar an ról atá ag bainc maidir le geilleagar an Aontais a mhaoiniú, leis an gcreat rialála ba cheart é a chur ar a gcumas dóibh go leor cineálacha éagsúla cuideachtaí a mhaoiniú, ó ghnólachtaí seanbhunaithe go cuideachtaí digiteacha atá ag fás go tapa, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú. Thairis sin, braitheann an margadh Eorpach ar iasachtaí ó na bainc chun infheistíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha fíor-riachtanacha a mhaoiniú. D’ainneoin iarrachtaí chun an éagsúlacht sin a léiriú sa chreat rialála, leanann go leor rialacha d’fheidhm a bheith acu gan beann ar mhéid ná ar shamhlacha gnó, rud a fhágann go bhfuil castacht nach bhfuil gá léi agus ualach riaracháin ar bhainc.

Bíonn bainc mhóra an Aontais in iomaíocht ar fud an domhain agus ceanglaítear orthu oibriú i dtimpeallacht ina bhfuil cur chun feidhme caighdeán idirnáisiúnta éagsúil ar fud na ndlínsí. Tá méadú tagtha ar an imní atá ann maidir le hiomaíochas bhainc an Aontais i margaí domhanda mar gheall ar athruithe agus moilleanna i gcur chun feidhme na gcaighdeán idirnáisiúnta a comhaontaíodh i roinnt mórdhlínsí. Chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí tromchúiseacha iomaíocha a eascraíonn as dlínsí tríú tír nach gcomhlíonann caighdeáin idirnáisiúnta, leanfaidh an Coimisiún de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid idirnáisiúnta agus d’úsáid a bhaint as na huirlisí rialála atá ar fáil, agus an chobhsaíocht airgeadais á cosaint an tráth céanna.

Ina theannta sin, le creat rialála an Aontais, agus lena chur chun feidhme a bhfuil baint ag go leor údarais éagsúla leis, bíonn sraitheanna ceanglas breise ann a théann níos faide ná na caighdeáin idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, tá difríocht shuntasach idir an tAontas agus mórdhlínsí eile. Fágann saintréithe chóras baincéireachta na hEorpa agus sainiúlachtaí chreat rialála agus maoirseachta an Aontais, nuair a chuirtear le chéile iad, gur gá breithniú cúramach a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcaighdeán idirnáisiúnta.

2.3 Castacht mhíchuí sa chreat rialála

Cé go bhfuil feabhas mór curtha ar athléimneacht in earnáil baincéireachta an Aontais leis na hathchóirithe a rinneadh tar éis GAD, tá an creat rialála tar éis éirí róchasta.

- **Eascraíonn castacht, go pointe áirithe, as an gcreat rialála gráinneach ilsrathach.** Tá an creat bunaithe ar dhá leibhéal reachtaíochta ar leith¹³ agus ar threoraíocht

¹³ Leibhéal 1 ‘creat-reachtaíocht’ (rialacháin nó teoracha) agus Leibhéal 2 ‘bearta teicniúla’ (gníomhartha tarmlichte agus gníomhartha cur chun feidhme agus caighdeáin theicniúla rialála agus caighdeáin theicniúla cur chun feidhme).

mhaoirseachta bhreise¹⁴, a bhíonn ann i gcomhthráth, i mórán cásanna, le rialacha náisiúnta breise. Cé go gceadaítear leis na sraitheanna iomadúla sin leasuithe níos tapúla agus saincheaptha nuair is gá gan dul i muinín próiseas fada leasaithe reachtaigh, bíonn siad róghráinneach uaireanta agus, dá bhrí sin, bíonn ualach ag baint lena gcur chun feidhme, go háirithe i gcás bainc bheaga. Léirítear leis an ngráinneacht mhéadaitheach i gcreat an Aontais freisin iarracht chun caighdeánú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear rialacha an Aontais i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta. Chomh maith leis sin, is minic a chruthaíonn na bainc féin castacht agus gráinneacht nach bhfuil gá leo trí rialacháin a ró-léirmhíniú nó trí threoraíocht rialála agus maoirseachta a lorg chun rioscaí comhlíontachta a íoslaghdú.

- **D'fhéadfadh ceanglais maidir le tuairisciú agus nochtadh a bheith ina bhfoinse castachta freisin.** Cé go bhfuil gá leis na sonraí a bhíonn á tuairisciú ag bainc chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainc agus chun sláine an mhargaidh a chur chun cinn, tá ceanglais maidir le tuairisciú agus nochtadh tagtha chun bheith trom, costasach agus dúblach i mórán cásanna.
- **Is measa fós an chastacht mar gheall ar rialacha éagsúla a bhíonn ann i gcomhthráth i ndlínsí éagsúla nó rialacha a fhorluíonn a chéile uaireanta maidir le gnéithe micreastuamachta, macrastuamachta agus réitigh.** Is amhlaidh atá toisc go ndearnadh athchóiriú ar chodanna den chreat baincéireachta i gcéimeanna éagsúla agus go minic ina n-aonar. Thairis sin, le himeacht ama, rinne na comhreachtóirí sainiúlachtaí náisiúnta a thrasú nó a chaomhnú den chuid is mó i reachtaíocht an Aontais. D'fhéadfadh dúbláil a bheith mar thoradh ar an bhforluí leis na ceanglais éagsúla nach mór do na bainc a chomhlíonadh i gcomhthráth agus d'fhéadfaí inúsáidteacht maolán a theorannú (an tsaincheist maidir le cruach chaipitil)¹⁵. Thairis sin, is minic gur idirghníomhaíocht fo-optamach idir na rialacha a bhíonn ar fud na dtrí réimse stuamachta, ar réimsí ar leithligh aid ach idirghaolmhar chomh maith.
- **Tá forbhreathnú iomlánaíoch in easnamh maidir le cur chun feidhme an chreata rialála mar gheall ar an iliomad gníomhaithe lena mbaineann.** Tá baint ag maoirseoirí náisiúnta, údaráis mhacrastuamachta, údaráis réitigh náisiúnta, BCE, an Bord Réitigh Aonair (BRA), BERS agus ÚBE go léir le cur chun feidhme an chreata rialála, rud a fhágann go bhfuil dúshláin shuntasacha chomhordúcháin ann. Cé go bhfuil feabhas curtha ag an Aontas Baincéireachta ar an staid trí fhoráil a dhéanamh maidir le maoirseacht aonair agus réiteach aonair do na bainc mhóra laistigh dá raon feidhme, ní thugtar aird leordhóthanach ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn ceanglais arna leagan síos ag údaráis éagsúla, ar a dtionchair chomhcheangailte agus ar a mhéid a chuirtear

¹⁴ Leibhéal 3 Treoraíocht maidir le 'cóineasú maoirseachta' (Treoirlínte na nÚdarás Maoirseachta Eorpach), ceisteanna agus freagraí léirmhínitheacha, tuairimí, moltaí agus cleachtais maoirseachta agus ionchais chothrománacha.

¹⁵ ÚBE (Meitheamh 2026), *EBA Report on Simplifying the Stacking Order of the EU Prudential and Resolution Framework* [Tuarascáil ó ÚBE maidir le hOrd Tosaíochta Chreat Stuamachta agus Réitigh an Aontais a Shimpliú]

neamhéifeachtúlachtaí a eascraíonn as sin ar aghaidh chuig teaghlaigh agus gnólachtaí san Aontas.

3. Bealach chun tosaigh d'earnáil baincéireachta an Aontais

Mar gheall ar raon agus ar chineál na ndúshlán atá roimh earnáil baincéireachta an Aontais, tá gá le bearta beartais comhleanúnacha, cuimsitheacha agus uailmhianacha atá dírithe ar an todhchaí, bunaithe ar mheasúnú tionchair, de réir na bprionsabal maidir le Rialáil Níos Fearr. Maidir leis na dálaí a chruthú chun feabhas inbhuanaithe struchtúrach a chur ar an iomaíochas, nó chun a áirithiú go mbeidh na feabhsuithe sin marthanach le himeacht ama, ní leor gníomhú agus gan aghaidh a thabhairt ach ar chuid de na dúshláin chun an méid sin a bhaint amach. Is éard a bheadh sa phacáiste sin bearta reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear bearta chun rialáil ceanglas caipitil a shimpliú agus a chuíchíoriú. Leis na bearta atá beartaithe, cothófar comhtháthú margaidh le coimircí iomchuí ar mhaithe le cobhsaíocht airgeadais ar fud na mBallstát uile, chun a áirithiú go dtabharfar aird níos mó ar shainiúlachtaí an Aontais agus go léireofar cur chuige comhréireach le cur chun feidhme na gcaighdeán idirnáisiúnta, agus béim láidir á cur ar chreat rialála an Aontais a shimpliú ar fud aon togra atá le teacht. Áireofar leis sin é a chur ar bhonn foirmiúil go mbainfear tosaíocht de shainorduithe ÚBE maidir le caighdeán theicniúla, mar a pléadh leis na comhreachtóirí.

3.1 Comhtháthú a chothú le coimircí iomchuí

Le neamhéifeachtúlachtaí a bhaineann le hilroinnt ar bhonn teorainneacha náisiúnta, is léir go bhfuil an bonn á bhaint den iomaíochas in earnáil baincéireachta an Aontais agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu trí ghníomhaíochtaí i raon réimsí.

➤ Aghaidh a thabhairt ar bhacainní stuamachta ar chomhtháthú

Ní mór do ghrúpaí baincéireachta an Aontais ceanglais stuamachta a chomhlíonadh ar gach leibhéal, ón bpríomh-mháthairchuideachta síos go dtí gach fochuideachta aonair. Ceadaítear le dlí an Aontais eisceachtaí ó na rialacha sin, ach go príomha má tá fochuideachta lonnaithe sa Bhallstát céanna lena máthairchuideachta. Leis na ceanglais stuamachta ar ghrúpaí trasteorann, tugtar athdhearbhú do na Ballstáit óstacha i ndáil le hábhair inní maidir le cobhsaíocht airgeadais áitiúil, ach d'fhéadfadh siad bac a chur ar leithdháileadh éifeachtúil acmhainní laistigh de na grúpaí sin agus, ar deireadh, difear a dhéanamh dá bhfeidhmíocht agus dá n-athléimneacht fhoriomlán. Ba cheart na cumhachtaí a bheith ag maoirseoirí grúpaí trasteorann chun a áirithiú go ndéanfar leachtacht agus caipiteal a dháileadh ar bhealach níos éifeachtúla idir an mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí, lena n-áirítear i riochtaí anáis. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí acmhainní a leithdháileadh ar bhealach níos éifeachtúla laistigh de ghrúpaí baincéireachta trasteorann, rud a thabharfadh le tuiscint go mbeadh níos mó deiseanna ann do bharrainneachtaí scála agus d'éagsúlú riosca (go háirithe a mhéid a bhaineann

le neamhchosaintí ceannasacha¹⁶) agus go mbeadh costais níos ísle ann do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. D'fhágfadh tairbhí den sórt sin go mbeadh an earnáil baincéireachta níos iomaíche ar an iomlán agus thacódh siad le príomhthosaíochtaí an Aontais a mhaoiniú. An bealach a ndéanann grúpaí trasteorann a n-oibríochtaí a struchtúrú, ba cheart é a bheith bunaithe ar chinntí tráchtála, i gcomhréir le ceanglais beartais stuamachta agus iomaíochta, agus níor cheart do na húdaráis náisiúnta cur isteach air gan údar maith.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- *Bearta a mholadh chun cur ar chumas grúpaí trasteorann feabhas a chur ar éifeachtúlacht i leithdháileadh caipitil agus leachtachta. Ba cheart an chumhacht a bheith ag maoirseoirí uile-ghrúpa a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais ar leibhéal an mháthaireintitis agus a cheangal go leithdháilfidh an mháthaireintitis acmhainní leordhóthanacha ar a fochuideachtaí ar bhealach tráthúil agus infhorfheidhmithe, i gcás gnóthais leantaigh agus i gcásanna géarchéime araon. Agus na cumhachtaí sin á bhfeidhmiú, ba cheart éagsúlacht na ngrúpaí baincéireachta trasteorann a chur san áireamh, lena n-áirítear cineál na bhfochuideachtaí laistigh den ghrúpa, a n-athléimneacht, chomh maith le leibhéal an chomhtháthaithe agus na ngealltanais a rinneadh laistigh de ghrúpaí. Chomh maith leis sin, ba cheart coimircí iomchuí maidir le cosaint creidiúnaithe agus taisceoirí a bheith mar bhonn taca le feidhmiú na gcumhachtaí sin.*
- *Bearta a mholadh chun láimhseáil rialála chomhchosúil a chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí inghrúpa¹⁷ ar an leibhéal intíre agus ar leibhéal an Aontais araon.*
- *Bearta breise a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le comhchruinniú iomarcach neamhchosaintí ceannasacha agus éagsúlú punann bannaí ceannasacha ag baint a spreagadh a thuilleadh.*
- *Úsáid a bhaint as a bhosca uirlisí forfheidhmiúcháin i gcás ina sainaithníonn sé sárúithe ar dhlí an Aontais ag na Ballstáit, go háirithe maidir le hidirghabhálacha i gcumaisc agus in éadálacha a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de shaorghluaiseacht seirbhísí agus caipitil, chomh maith leis an tsaoirse bunaióchta a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Leis na dréacht-treoirlínte nua maidir le cumaisc¹⁸, tugtar treoraíocht níos soiléire do na Ballstáit freisin maidir leis na himthosca faoina bhféadfaidh siad idirghabháil a dhéanamh in idirbhearta atá faoi réir rialú cumaisc ar leibhéal an Aontais.*

¹⁶ Claudia Buch (2026), [The bank-sovereign nexus: securing progress by completing the banking union](#) [An fáinne fí idir na bainc agus fiachas ceannasach: dul chun cinn a bhaint amach tríd an aontas baincéireachta a thabhairt chun críche], ina dtugtar faoi deara freisin go bhfuil laghdú tagtha le blianta beaga anuas ar an gclaonadh baile i sealúchais neamhchosaintí ceannasacha na mbanc, go háirithe i gcás na mbanc mór a ndéantar maoirseacht orthu leis an Sársa Aonair Maoirseachta.

¹⁷ Aon sócmhainn, aon dliteanas, nó aon chaidreamh airgeadais idir eintitis laistigh den ghrúpa céanna.

¹⁸ Cuirtear i dtábhacht sa treoraíocht nach gceadaítear le dlí an Aontais idirghabhálacha náisiúnta den sórt sin ach amháin ar chúiseanna sonracha seachas iomaíocht a chosaint. Ba cheart idirghabhálacha a theorannú do na hidirghabhálacha sin a bhfuil géarghá leo chun fíorleasanna dlisteanacha a chosaint agus ní mór dóibh cloí le prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe. [Dréacht-treoirlínte nua ón gCoimisiún maidir le cumaisc](#), lch. 90.

➤ ***Coimircí iomchuí a chur ar fáil***

Ní mór coimircí iomchuí lena n-áirithítear cobhsaíocht airgeadais ar fud an Aontais a chur i bhfeidhm i gcomhthráth le bearta lena dtugtar aghaidh ar bhacainní stuamachta ar chomhtháthú. Tá inní fós ann go bhféadfadh ganntanais chaipitil agus leachtachta a bheith i ndán d'fhochuideachtaí de chuid grúpaí baincéireachta trasteorann, go háirithe le linn géarchéime, rud a d'fhágfadh go mbeadh ar na húdaráis náisiúnta teipeanna a bhainistiú gan tacaíocht leordhóthanach ón máthairchuideachta.

Feidhmíonn go leor grúpaí trasteorann faoi straitéis réitigh *pointe iontrála aonair*, ina gcuirtear bearta bainistithe géarchéime i bhfeidhm ar leibhéal na máthairchuideachta, agus tacaítear le fochuideachtaí an tráth céanna trí chaillteanais a réamhtheachtú chuig an máthairchuideachta agus trí chaipiteal a iarthachtú. Má chliseann ar thacaíocht uile-ghrúpa, d'fhéadfadh fochuideachtaí – go háirithe má tá siad tábhachtach do gheilleagair áitiúla – a bheith leochaileach, rud a d'fhéadfadh idirghabháil ó Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT) náisiúnta a spreagadh¹⁹. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, ní mór muinín a chothú i measc na n-údarás trína áirithiú go mbeidh pleananna caipitil, leachtachta, téarnaimh agus réitigh láidir go leor chun soláthar leordhóthanach seirbhísí a choinneáil ar bun agus chun torthaí mí-ordúla a chosc. Bheadh gá le sásraí freisin chun fóntacht airgeadais an ghrúpa trasteorann ina iomláine a áirithiú de réir mar a thagann sé as réiteach agus de réir mar a fhéachann sé le rochtain a fháil ar mhargaí airgeadais arís. Is maith atá SAM agus SRA, le tacaíocht ón leabhar rialacha aonair, in ann na coimircí sin a chur ar fáil. Tá trí cheathrú de na taiscí faoi chumhdach san Aontas Baincéireachta faoi mhaoirseacht dhíreach SAM agus BRA anois agus tá siad á sealbhú i mbainc atá beartaithe le haghaidh réitigh ar leibhéal an Aontais, seachas leachtú faoi imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta. Tá cumas iomchuí ionsúcháin caillteanais ag na bainc sin agus d'fhéadfadh siad rochtain a fháil ar CRA, rud a áirithíonn leibhéal ard frithpháirtiúcháin caillteanais laistigh d'earnáil na baincéireachta cheana féin. An tráth céanna, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach san Aontas Baincéireachta agus a fheidhmíonn faoi shocruithe institiúideacha éagsúla.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- ***Togra nua a chur in ionad an togra maidir le Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SEÁT) 2015 chun athbhreithniú agus simpliú a dhéanamh ar struchtúr an chreata árachais taiscí chun na freagrachtaí maidir le bearta bainistithe géarchéime agus bearta árachais taiscí agus maoiniú na mbeart sin a ailíniú ar bhealach níos fearr, laistigh de líontáin sábhála an Aontais Baincéireachta atá ann cheana, ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Tabharfar aghaidh sa togra freisin ar na leochaileachtaí atá fós ag SRTanna maidir le heasnamh leachtachta. Is é an***

¹⁹ Ina theannta sin, cé go bhfuil SRTanna i ngníomh go hiomlán agus go sáraíonn cuid acu an spriocleibhéal fosta, d'fhéadfaidís a bheith fós leochaileach do thurraingí áitiúla a eascraíonn as cliseadh bainc bhig amháin nó roinnt bainc bheaga, rud a chruthódh easnamh leachtachta agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh an dara rogha acu ach brath ar thacaíocht phoiblí.

cuspoir a bheidh ann a áirithiú nach gcruthófaí saobhadh i mBallstáit aonair ná dliteanais do SRTanna agus do bhuiséid náisiúnta dá gclisfeadh ar ghrúpa trasteorann, chomh maith le cosaint chomhionann a áirithiú do na taiscí faoi chumhdach ar fud an Aontais Baincéireachta. Ar an mórgóir, déanfar an chastacht a eascraíonn as an dealú atá ann faoi láthair idir scéimeanna ráthaíochta taiscí agus cistí réitigh a laghdú leis an togra.

- *Bearta a mholadh chun intuarthacht straitéisí réitigh grúpa a fheabhsú agus chun tacú le leithdháileadh níos comhtháite cistí laistigh de ghrúpaí trasteorann, lena n-áirítear le linn tráth struis.*
- *Tacú le hiarrachtaí leanúnacha idir na hinstiúidí ábhartha agus na Ballstáit sársaí cistiúcháin cúlstop inchreidte intuartha a neartú chun leachtacht a sholáthar i gcás réitigh le coimircí leordhóthanacha, i gcomhréir leis an ngné Eorpach de réiteach agus de mhaoirseacht san Aontas Baincéireachta agus le caighdeáin idirnáisiúnta.*

➤ *Aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamhstuamachta ar chomhtháthú*

Tá bacainní neamhstuamachta ar chomhtháthú ann freisin, a bhfuil sé costasach bealach a dhéanamh tríothu agus gnó baincéireachta á dhéanamh thar theorainneacha. In éagmais creat comhchuibhithe de chuid an Aontais, tá dlíthe dócmhainneachta náisiúnta fós ilroinnte agus leanann siad de theorainn a chur le hoibríochtaí trasteorann banc, mar shampla maidir le gnéithe a dhéanann difear d'athshealbhú comhthaobhachta iasachta faoi dhlíthe féimheachta. Tá dul chun cinn déanta ag na comhreachtóirí maidir le saincheisteanna sonracha, mar shampla ordlathas aonfhoirmeach creidiúnaithe a bhunú faoin gcreat bainistíochta géarchéime banc agus árachais taiscí. Go dtí an lá atá inniu ann, áfach, níor tháinig na Ballstáit ar chomhdhearcadh maidir le hiarrachtaí níos struchtúrtha agus níos uailmhianaí chun dlíthe dócmhainneachta a chomhchuibhiú ar fud an Aontais. Tá an Coimisiún réidh agus tá sé tiomanta i gcónaí oibriú chun dlíthe dócmhainneachta a chomhchuibhiú a thuilleadh.

Rinneadh comhchuibhiú den chuid is mó ar fud an Aontais ar rialacha maidir le frithsciúradh airgid (CSA) agus ar roinnt rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí ach is minic a chuirtear i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla iad sna Ballstáit. Rinneadh tuilleadh iarrachtaí reachtach chun leibhéal níos airde comhchuibhithe a bhaint amach, mar shampla, i ndáil leis an Údarás um Chomhrac an Sciúrta Airgid (ÚCSA) a bunaíodh le déanaí agus faoin Treoir nua maidir le Creidmheas do Thomhaltóirí is infheidhme ón 20 Samhain 2026²⁰.

D'fhéadfadh bacainní neamhstuamachta bainc a dhíspreagadh ó tháirgí baincéireachta uile-Aontais a thairiscint – amhail taiscí nó iasachtaí miondíola – agus d'fhéadfadh costais bhreise a bheith mar thoradh orthu, go háirithe costais a ghintear le córais TF ar gá iad a chur in oiriúint

²⁰ Le Treoir (AE) 2023/2225 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/48/CE (IO L, 2023/2225, 30.10.2023), bunaítear comhchuibhiú iomlán na rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí i réimse an chreidmheasa tomhaltóirí, chun a áirithiú go mbeidh leibhéal ard coibhéiseach cosanta ag tomhaltóirí uile an Aontais dá leasanna agus chun margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a chruthú.

do dhlíchorais náisiúnta éagsúla na 27 mBallstát. Leis an digitiú agus an dul chun cinn teicneolaíoch maidir le seirbhísí baincéireachta a sholáthar (i.e. baincéireacht oscailte, téacsomharthú sócmhainní, tionchar na hintleachta saorga lena n-áirítear rochtain ar shonraí ardcháilíochta, rialacha a oiriúnú do shamhlacha nua gnó amhail ardáin taisce, aipeanna ar aghaidh an chliaint, ríomhthiachóga), is féidir borradh a chur faoin iomaíochas.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- ***Oibriú le ÚCSA chun leabhar rialacha aonair an Aontais maidir le CSA a chur chun feidhme, a mbeidh feidhm dhíreach aige sna Ballstáit ón 10 Iúil 2027 agus lena gcomhchuibheofar ceanglais ‘Bíodh aithne agat ar do Chustaiméir’ agus Tuairisciú ar Ghníomhaíochtaí Amhrasacha ar fud an Aontais.***
- ***Leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm náisiúnta na rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí chun gníomhaíocht trasteorann a éascú agus a chothú, lena n-áirítear gur fusa do thomhaltóirí rochtain a fháil ar thairiscint níos leithne seirbhísí bainc, agus leibhéal iomchuí cosanta á choinneáil an tráth céanna.***
- ***Measúnú a dhéanamh an bhfuil rialacha cosanta tomhaltóirí rórialáilte nó an gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhealach lena ndéantar an margadh a ilroinnt gan ghá.***
- ***Leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar acmhainneacht an digitithe agus na n-impleachtaí TF d’earnáil na baincéireachta chun a áirithiú go mbeidh an creat rialála solúbtha go leor chun tacú le seirbhísí baincéireachta níos digitithe agus chun nuálaíocht a chothú, agus an chibear-athléimneacht á caomhnú an tráth céanna.***

3.2 Caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus sainiúlachtaí an Aontais á gcur san áireamh agus comhréireacht á háirithiú an tráth céanna

Tá caighdeáin idirnáisiúnta glactha go dílis ag an Aontas agus, i réimsí áirithe, rinne siad rórialáil orthu trí na caighdeáin a chur i bhfeidhm ar gach leibhéal comhdhlúthaithe agus ar gach banc, seachas ar bhainc mhóra atá gníomhach go hidirnáisiúnta amháin. Cé go bhfuil méadú nach beag tagtha ar an athléimneacht mar thoradh ar an gcur chuige sin, d’fhéadfadh sé gur tugadh neamhaird ar shainiúlachtaí áirithe de chuid an Aontais.

➤ Caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus sainiúlachtaí an Aontais á gcur san áireamh

Ghlac an tAontas comhaontú Basel III i ndlí an Aontais ón 1 Eanáir 2025, le roinnt bearta idirthréimhseacha. Agus an tAontas ar cheann de na margaí baincéireachta is mó, tá caighdeáin idirnáisiúnta á múnú ag maoirseoirí an Aontais agus ag an gCoimisiún agus ba cheart dóibh oibriú go réamhghníomhach chun a áirithiú go gcuirfear réaltachtaí éagsúla an mhargaidh san áireamh sna creataí domhanda, lena n-áirítear réaltachtaí earnáil baincéireachta na hEorpa. Ina theannta sin, agus caighdeáin idirnáisiúnta á gcur chun feidhme i ndlí an Aontais, ba cheart aird chuí a thabhairt ar shainiúlachtaí earnáil baincéireachta an Aontais, chun

cuidiú le héifeachtaí díreireacha ar ghníomhaíochtaí nó ar bhainc áirithe a sheachaint agus chun a áirithiú go mbainfear amach leis an gcreat a chuspóirí stuamachta ar bhealach éifeachtúil cothrom.

Tá sé ríthábhachtach cothrom iomaíochta idirnáisiúnta a bheith ann. Go dtí go ndéanfar iad a chur chun feidhme in áiteanna eile é, tá bearta déanta ag an gCoimisiún chun teacht i bhfeidhm gnéithe áirithe de chreat riosca margaidh Basel (Athbhreithniú ó Bhonn ar an Leabhar Trádála) a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2027. An 4 Meitheamh 2026, ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe chun cuid d'éifeachtaí a chur i bhfeidhm a mhaolú go dtí deireadh 2029. Tá an gníomh tarmligthe faoi ghrinnscrúdú anois sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa.

Tá an t-íosráta aschuir á thabhairt isteach de réir a chéile ag an Aontas²¹, mar aon le roinnt bearta idirthréimhseacha, atá ceaptha chun é a chur ar chumas na mbanc agus na n-údarás oiriúnú de réir a chéile do chomhaontú Basel. Idir an dá linn, glacadh cineálacha éagsúla cur chuige laistigh de dhlínsí tríú tíortha, lena n-áirítear an t-íosráta aschuir a bhaint go hiomlán. Tá tuairimí éagsúla curtha in iúl ag páirtithe leasmhara atá bunaithe san Aontas maidir le todhchaí an íosráta aschuir, lena n-áirítear maidir leis an leibhéal iomchuí calabrúcháin, an leibhéal ar cheart feidhm a bheith ag an gceanglas (leibhéal aonair nó comhdhlúite), raon feidhme na rioscaí a chumhdaítear leis an gcreat agus an chaoi a n-idirghníomhaíonn sé leis an gcur chuige caighdeánaithe foluiteach, mar shampla i réimsí amhail iasachtú speisialaithe, maoiniú tionscadail agus maoiniú a bhaineann le trádáil.

D'ainneoin fachtóir tacaíochta FBM, is dúshlán struchtúrach do chreat rialála an Aontais é láimhseáil stuamachta corparáidí gan rátáil. Ós rud é go mbíonn cuideachtaí san Aontas, agus go háirithe FBManna, ag brath ar mhaoiniú bainc seachas ar mhargaí caipitil den chuid is mó, níl rátáil chreidmheasa sheachtrach ag formhór mór na gcuideachtaí sin. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhféidearthacht deireadh a chur leis an ngá atá le rátáil sheachtrach, d'fhonn rochtain ar mhaoiniú bainc a éascú do chuideachtaí den sórt sin. Ba cheart a scrúdú sa mheasúnú sin freisin an bhféadfadh an beartas atá beartaithe dídhreasachtaí a chruthú do chuideachtaí rátáil chreidmheasa a lorg, rud a bhainfeadh an bonn den trédhearcacht agus d'fhás fadtéarmach margaí cothromais agus bannaí corparáideacha níos doimhne san Aontas agus a laghdódh an fhaisnéis atá ar fáil do bhainc chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí corparáidí. Ba ghá cur chuige straitéiseach fadtéarmach a mheas chun sprioc bhunúsach an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta a bhaint amach maidir le foinsí cistiúcháin níos éagsúlaithe a chur chun cinn tríd an margadh caipitil aonair. .

Ní mór calabrúchán cúramach a dhéanamh freisin maidir le láimhseáil stuamachta ar neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe. Is féidir le ceanglais sa réimse seo tionchar a imirt ar rochtain ar mhaoiniú tithíochta, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn acu ar sholáthar tithíochta, agus tionchar a imirt ar fheidhmiú deighleog sonrach den mhargadh, agus ní mór don chreat leanúint de bheith íogair ó thaobh riosca de. An tráth céanna, ba cheart a mheas

²¹ Is coimirce rialála é an t-íosráta aschuir a chuireann teorainn leis an méid is féidir le bainc a gceanglais chaipitil a laghdú le samhlacha riosca inmheánacha, i gcoibhneas le cineálacha cur chuige caighdeánaithe.

freisin go bhféadfadh bearta chun iasachtú morgáiste a mhéadú pragsanna tithíochta a bhrú níos airde i ndálaí ina bhfuil soláthar teoranta ann, rud a chuirfeadh leis an inacmhainneacht agus a bhainfeadh an bonn den chuspóir atá beartaithe leis an gcur chuige sin.

I réimsí eile, chun an t-iomaíochas idirnáisiúnta a neartú agus chun tacú leis an digitiú, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar leasuithe ar an gcreat stuamachta, amhail láimhseáil sócmhainní bogearraí. Le rialacha an Aontais, ceanglaítear ar bhainc infheistíochtaí bogearraí a asbhaint óna bpríomhchaipiteal den chuid is mó. Leis an gcur chuige sin, caitear le bogearraí mar chostas fisiciúil seachas mar shócmhainn ghnó iomaíoch agus measann go leor daoine go gcuireann sé baint an Aontais faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid lena bpiaraí i ndlínsí eile. Mar sin féin, is féidir stuamacht chur chuige an Aontais a mheas freisin mar shócmhainn agus cúrsaí mar atá faoi láthair agus amhras á chaitheamh ar luach sócmhainní bogearraí de bharr forbairtí intleachta saorga. Ar bhonn níos leithne, ba cheart don chreat stuamachta léiriú níos fearr a thabhairt ar ról na sócmhainní doláimhsithe i ngeilleagar nua-aimseartha.

Ar deireadh, ní ceisteanna stuamachta, teicneolaíochta agus nuálaíochta amháin atá i gceist le hiomaíochas earnáil baincéireachta an Aontais. Braitheann sé freisin ar chumas na mbanc gairmithe ardoilte a mhealladh, a choinneáil agus a chúiteamh i margadh domhanda le haghaidh tallainne. I bhfianaise an mhéid sin, tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar choigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat luacha saothair. D'fhéadfadh rialacha nuashonraithe maidir le luach saothair rannchuidiú le hiomaíochas earnáil baincéireachta an Aontais a chothú agus a áirithiú an tráth céanna nach gcuirfidh beartais luacha saothair dreasachtaí ar fáil chun rioscaí iomarcacha a thógáil.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- *Tograí soiléire a dhéanamh maidir leis an íosráta aschuir agus a shocruithe idirthréimhseacha i dtaca le corparáidí gan rátáil agus iasachtú morgáiste, i bhfianaise iomaíochas bhainc an Aontais agus an idirghníomhaíocht leis na codanna eile den chreat, lena n-áirítear bearta a mholadh chun cothromaíocht chuí a bhaint amach idir athléimneacht agus maoiniú níos leithne an gheilleagair.*
- *Leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme caighdeán idirnáisiúnta ar fud dlínsí agus cur chuige fadtéarmach straitéiseach de chuid an Aontais a chur chun feidhme maidir le ceanglais chaipitil i ndáil le riosca margaidh, bunaithe ar an taithí a fuarthas agus ar bhreithnithe cothroime iomaíochta.*
- *Meastóireacht a dhéanamh ar láimhseáil rialála infheistíochtaí straitéiseacha trí iasachtú speisialaithe, lena n-áirítear maoiniú tionscadail do bhonneagair agus don aistriú fuinnimh, chomh maith le láimhseáil rialála an mhaoinithe trádála d'fhonn a áirithiú gur féidir le bainc Eorpacha tacú le cuideachtaí Eorpacha agus slándáil an tslabhra soláthair a neartú.*
- *Athbhreithniú a mholadh ar láimhseáil stuamachta infheistíochtaí na mbanc i sócmhainní bogearraí chun a áirithiú go mbeidh an creat fóna ó thaobh stuamachta de, comhsheasmhach leis an timpeallacht dhigiteach agus cibear-riosca agus go*

gcuirfidh sé na dreasachtaí cearta ar fáil do bhainc chun infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus san athléimneacht dhigiteach.

- *Féachaint ar réimsí gníomhaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann chun rochtain ar iasachtú a áirithiú do chuideachtaí atá dian ar mhaoín intleachtúil agus ar bhonn níos leithne don gheilleagar neamhábhartha, lena n-áirítear trí iarraidh ar pháirtithe leasmhara ábhartha machnamh a dhéanamh ar chláir fothaithe acmhainneachta, ar chreataí luachála agus ar shásraí comhroinnte riosca. Cuirfear san áireamh san obair sin na gníomhaíochtaí a bhaineann le maoín intleachtúil atá ar na bacáin sa Straitéis um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, amhail an Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht.*
- *Measúnú a dhéanamh ar choigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat luacha saothair atá ann faoi láthair le haghaidh glacadóirí rioscaí ábhartha agus ar a thionchar ar earnáil baincéireachta an Aontais. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir le conas ualach agus castacht nach bhfuil gá leo a laghdú, aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí neamhbheartaithe ar struchtúir phá, saobhadh san iomaíocht do thallann speisialaithe a chosc agus an creat a oiriúnú do rioscaí sistéamacha.*

➤ ***Comhréireacht a áirithiú sa chreat rialála***

Tá bainc mhóra de dhíth ar an Eoraip a bheidh in ann dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta i margai ina bhfuil scála fíor-riachtanach ach ina mbaintear leas as bainc bheaga atá níos dírithe ar an leibhéal áitiúil freisin. Tá ról ag bainc bheaga chun tacú le tosaíochtaí infheistíochta an Aontais agus le maoiniú FBManna ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear i réigiúin bheagfhorbartha, rud a chuireann le gaireacht agus a chuireann borradh, ar deireadh, faoin tairiscint iasachtaithe.

Aithnítear i gcreat rialála an Aontais sainiúlachtaí na mbanc beag agus neamhchasta, ach d'fhéadfadh tionchar díréireach a bheith ag an gcastacht sa chreat fós ar bhainc bheaga. Ba cheart córas atá níos saincheaptha do bhainc bheaga agus neamhchasta a bheith níos simplí ar bhealach intomhaiste agus ba cheart ualach níos lú a bheith ag baint leis ó thaobh costais chomhlíontachta de, agus ceanglais rioscabhunaithe leordhóthanacha á gcaomhnú an tráth céanna, agus ba cheart cobhsaíocht airgeadais a chosaint agus dreasachtaí a choinneáil ar bun chun cleachtais bainistithe riosca a fheabhsú leis an gcóras sin freisin.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- *Córas a mholadh sa Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR) lenar féidir bainc bheaga nach bhfuil chomh casta céanna a shaináithint ar bhealach níos soiléire laistigh den chreat rialála, gan beann ar a struchtúr dlíthiúil agus eagraíochtúil, lena bhféadfaí na critéir agus na tairseacha atá ann faoi láthair a choigeartú chun réaltacht earnáil baincéireachta an Aontais a léiriú, agus líon ceanglas níos lú, atá níos oiriúnaithe agus níos simplí sna creataí ábhartha le haghaidh na ngnéithe stuamachta, macrastuamachta agus réitigh. Le córas den sórt sin, ba cheart é a chur*

ar a chumas do ÚBE oibriú ar bhearta Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 ar bhealach a fhreastalaíonn ar bhealach níos éifeachtaí ar bhainc bheaga nach bhfuil chomh casta céanna, agus líon laghdaithe ceanglas agus próiseas ann.

- *I gcomhthéacs an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche, leanfaidh an Coimisiún dá idirphlé le SAM agus le BRA maidir le cur i bhfeidhm éifeachtúil na comhréireachta, lena n-áirítear i ndáil leis na himthosca ar leith lena dtugtar údar le hinstiúidí creidmheasa a cháiliú mar instiúidí nach bhfuil chomh suntasach céanna, d’ainneoin na critéir maidir le tábhacht réamhshocraithe i Rialachán SAM a chomhlíonadh.*

Ina theannta sin, cuireann gnólachtaí infheistíochta le héagsúlacht agus doimhneacht an mhargaidh caipitil trí sheirbhísí a thairiscint lena gcomhlánaítear seirbhísí instiúidí creidmheasa agus lena dtéitear in iomaíocht leo, amhail leachtacht a sholáthar, rannchuidiú le leithdháileadh éifeachtúil caipitil agus tacú le heisiúint urrús cothromais agus fiachais. Ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar aon bhacainn gan údar laistigh den chreat rialála ar rannchuidiú gnólachtaí infheistíochta. Thángthas ar an gconclúid sa tuairim chomhpháirteach ó ÚBE agus ESMA maidir le feidhmiú an chreata stuamachta do ghnólachtaí infheistíochta²² go gcomhlíonann an rialachán a chuspóirí bunaidh, agus go moltar leasuithe spriocdhírthe an tráth céanna.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- *Athruithe spriocdhírthe ar an gcreat stuamachta do ghnólachtaí infheistíochta a mholadh, lena n-áirítear athruithe ar an struchtúr tairisí, ar rialachas agus ar cheanglais luacha saothair, agus athbhreithniú a dhéanamh ar chalabrúchán na gceanglas caipitil agus leachtachta.*

3.3 An creat rialála a shimpliú

Tríd an gcreat rialála a dhéanamh níos simplí, is féidir tairbhí nithiúla a thabhairt do bhainc agus d’údaráis mhaoirseachta gan an bonn a bhaint den athléimneacht. Rinneadh an creat níos casta trí athbhreithnithe comhleanúnacha ar na rialacha micreastuamachta, réitigh agus macrastuamachta, a dhéantar go minic go neamhspleách gan aird leordhóthanach a thabhairt ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn siad. Tá gá anois le bearta chun deireadh a chur le gráinneacht iomarcach, forluí agus neamhréireachtaí laistigh de na tacair éagsúla rialacha agus eatarthu. Ach níor cheart dírialáil a bheith mar thoradh ar chastacht mhíchuí a laghdú, ar dírialáil í a bhaineann an bonn go bunúsach d’athléimneacht na hearnála baincéireachta, ós rud é gur réamhchoinníoll í an athléimneacht d’iomaíochas na hearnála.

²² An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (2025), [*The EBA and ESMA recommend targeted revisions to the investment firms’ prudential framework*](#) [Molann ÚBE agus ESMA athbhreithnithe spriocdhírthe ar chreat stuamachta na ngnólachtaí infheistíochta].

Thairis sin, tá an tuairisciú faoin gcreat tagtha chun bheith róthrom maidir leis an ualach a bhaineann leis agus róchostasach. Ba cheart aon tuarascálacha nach gcuidíonn go comhréireach le hathléimneacht agus comhtháthú a fheabhsú a laghdú nó a bhaint den chreat rialála.

➤ ***Rialacha micreastuamachta***

Áirítear le rialacha micreastuamachta ceanglais Cholún 1, ceanglais Cholún 2 agus treoraíocht Cholún 2. Cinntear le ceanglais Cholún 1 na leibhéil reachtúla chaipitil atá le sealbhú ag banc. Leagtar síos le ceanglais Cholún 2 leibhéil chaipitil a bhaineann go sonrach leis na bainc, agus tá treoraíocht Cholún 2 sonrach don bhanc freisin ach tá sí neamhcheangailteach agus léirítear inti ionchais mhaoirseachta leibhéil iomlán caipitil ba cheart do bhainc a choinneáil chun tréimhsí struis a sheasamh. Cé is moite de cheanglais rioscabhunaithe, is féidir le maoirseoirí ceanglais maidir le cóimheas gearála Cholún 2 a shocrú freisin.

Cuireadh ábhair inní in iúl maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm reatha ceanglais agus threoraíocht Cholún 2, go háirithe maidir le forluí a d'fhéadfadh a bheith ann le ceanglais eile a bhféadfadh áireamh dúbailte a bheith mar thoradh orthu. Cuireadh inní in iúl freisin faoi thrédharcacht theoranta sna modheolaíochtaí a úsáidtear chun ceanglais agus treoraíocht Cholún 2 a shocrú, rud a fhágann go n-éilítear míniú níos soiléire ar chinntí, soiléireacht mhéadaithe agus dreasachtaí a bhaineann le feabhsúchán agus léiriú níos fearr ar na rioscaí foluiteacha.

Tá gealltanais tugtha cheana féin i SAM sraith feabhsuithe a chur chun feidhme a bhaineann le ceanglais agus treoraíocht Cholún 2. Le SAM, rinneadh modheolaíocht nua a chur chun feidhme le déanaí le haghaidh ceanglais Cholún 2 agus moladh ann clár oibre don athchóiriú arb é is aidhm dó éifeachtúlacht, éifeachtacht agus fócas rioscabhunaithe na maoirseachta stuamachta a mhéadú ar bhonn níos ginearálta. Is céim thábhachtach iad na hathchóirithe sin chun a áirithiú go mbeidh creat iomchuí athbhreithniúcháin maoirseachta ann. Chun na hiarrachtaí leanúnacha sin a chomhlánú, d'fhéadfaí bearta breise a mheas chun a áirithiú go leanfaidh ceanglais mhaoirseachta de bheith rioscabhunaithe agus comhréireach, agus castacht neamhriachtanach nó forluí le gnéithe eile den chreat caipitil á seachaint an tráth céanna.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- ***Bearta a mholadh chun feabhas a chur ar fheidhmiú threoraíocht Cholún 2 chun a áirithiú go ndéanfar é a chur i bhfeidhm ar bhealach spriocdhírithe.***
- ***Moladh a dhéanamh deireadh a chur le ceanglais chaipitil Cholún 2 a bhaineann leis an gcóimheas gearála.***

➤ ***Rialacha réitigh***

Le rialacha réitigh an Aontais, ceanglaítear ar bhainc íosmhéid cistí dílse agus dliteanas incháilithe (ICDI) a bheith ina seilbh acu chun a chinntiú gur féidir leo caillteanais a ionsú i gcás cliste. Cé gur méadaíodh leis sin athléimneacht bhainc an Aontais, tá an dearadh ICDI

atá ann faoi láthair tar éis éirí casta agus, i gcásanna áirithe, dúblach, go háirithe le critéir incháilitheachta éagsúla agus calabrúchán éagsúil idir ceanglais ICDI agus na ceanglais maidir le Cumas Iomlán Ionsúcháin Caillteanais (TLAC) atá nasctha le caighdeáin idirnáisiúnta. Cuireann an chastacht sin bac ar intuarthacht agus ar chomhsheasmhacht agus bíonn tionchar aici ar an gcothrom iomaíochta ar fud bhainc an Aontais.

Tá forálacha coimhdeachasan áireamh sna rialacha réitigh freisin, forálacha a dhíorthaítear ó chóras na gcistí dílse, forálacha a bhíonn róchasta uaireanta le haghaidh ionstraimí ICDI. Mar shampla, chuir an córas um réamhcheadú, a ceapadh chun cumas ionsúcháin caillteanais na mbanc a chosaint, ualaí riaracháin ar bhainc agus ar údaráis réitigh. Cé gur mhol BRA cur chuige cuíchóirithe nua chun dlús a chur le deonú na gceadanna sin do bhainc atá toilteanach a n-ionstraimí ICDI a athcheannach nó a ionadú, tá gá le tuilleadh feabhsuithe.

Chomh maith le ceanglais ICDI a chinneadh, ceanglaítear ar BRA agus ar na húdaráis réitigh náisiúnta pleananna réitigh a tharraingt suas do na bainc. Is próiseas fada trom é sin, rud nach léiríonn go bhfuil pleananna réitigh banc níos aibí sa lá atá inniu ann, tar éis roinnt leaganacha de na pleananna a bheith ann, agus go bhféadfaí iad a chuíchóiriú chun acmhainní i mbainc agus in údaráis a shaoradh chun díriú ar phleananna a oibríochtú agus a thástáil.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- *Athbhreithniú ar an gcreat ICDI a mholadh, agus é a thabhairt níos gaire do chaighdeáin idirnáisiúnta trí dheireadh a chur le neamhréireachtaí neamhriachtanacha le caighdeán TLAC agus trí chalabrúchán níos simplí, níos uathoibríche agus níos intuatha ná mar atá ann faoi láthair a thabhairt isteach. Leis an gcreat athbhreithnithe, caomhnófar athléimneacht an chreata réitigh, coinneofar dreasachtaí le haghaidh inréiteachta, agus áiritheofar go mbeidh na ceanglais comhréireach, go háirithe i gcás bainc bheaga.*
- *Próiseas cuíchóirithe a mholadh chun ceadanna a dheonú do bhainc a bhfuil staid fhóna airgeadais acu chun dlús a chur le húdarú aiscéannach agus bainistiú dliteanais, chun costais chomhlíontachta a laghdú agus chun solúbthacht a mhéadú, agus inréiteacht agus comhlíonadh chaighdeáin TLAC á choinneáil ar bun an tráth céanna.*
- *Moladh a dhéanamh go ndéanfaí measúnuithe áirithe sa chéim pleanála réitigh – lena n-áirítear iad siúd maidir le minicíocht na dtimthriallta pleanála réitigh nó na nósanna imeachta gaolmhara um ghlacadh – níos comhréirí chun a léiriú go bhfuil gníomhaíochtaí pleanála réitigh tagtha in aibíocht ó tugadh isteach an creat bainistithe géarchéime.*

➤ **Rialacha macrastuamachta**

Tá na húdaráis náisiúnta freagrach as bearta macrastuamachta a shocrú, agus sainiúlachtaí a n-earnálacha baincéireachta agus a dtimthriallta eacnamaíocha á gcur san áireamh, le bosca uirlisí lena n-áirítear maoláin chaipitil, bosca uirlisí maidir le coigeartú

ualaithe riosca agus bearta atá bunaithe ar an iasachtaí. Is iad na bearta macrastuamachta is mó tionchar atá ann na maoláin chaipitil, a ndéantar iad a shocrú sa bhreis ar cheanglais Chólún 1 agus Chólún 2 agus a d'fhéadfadh baine iad a úsáid tráth anáis chun díghiaráil a sheachaint agus chun iasachtú don gheilleagar a chaomhnú. Tá an creat díláraithe sin tar éis éirí an-chasta in éagmais modheolaíocht chomhchuibhithe de chuid an Aontais, rud a léiríonn líon ard maolán caipitil, dearadh maolán a fhreastalaíonn ar rioscaí agus ar theagmhais shonracha, rogha náisiúnta maidir le leibhéal na maolán a shocrú agus baine atá faoi réir maolán a shainaithint. D'fhéadfadh an easpa intuathachta agus comhsheasmhachta i gcur i bhfeidhm an chreata sin cur isteach ar chinntí gnó na mbanc, go háirithe maidir le gníomhaíocht trasteorann, comhdhlúthú nó atheagrú. Thairis sin, leis an rialachas ilsrathach a bhaineann le húdaráis an Aontais agus le húdaráis náisiúnta, cruthaítear tuilleadh castachta. Deimhnítear na dúshláin sin leis na moltaí ó Thascfhórsa Ardleibhéil BCE maidir le Simpliú²³ chomh maith leis na freagraí ar an gcomhairliúchán spriocdhírthe.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- *Athbhreithniú ar an gcreat macrastuamachta a mholadh chun bosca uirlisí níos simplí agus cóineasú agus comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú i gcur i bhfeidhm uirlisí macrastuamachta ar fud an Aontais. Go sonrach, ba cheart an líon maolán (maolán frith-thimthriallach, maolán um riosca sistéamach) a laghdú agus a ndearadh agus a gcalabrúchán a fheabhsú. Ba cheart an creat d'institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SII) a chomhchuibhiú trí aghaidh a thabhairt ar easnaimh i sainaithint O-SII agus i gcalabrá maolán.*

➤ *Idirghníomhaíocht idir rialacha micreastuamachta, réitigh agus macrastuamachta*

Déanann údaráis ábhartha éagsúla rialacha micreastuamachta, macrastuamachta agus réitigh a chur chun feidhme go neamhspleách ach idirghníomhaíonn na rialacha lena chéile ar bhealaí a mbíonn ceanglais dhúblacha agus neamhréireacha mar thoradh orthu go minic. Cuireann an toradh sin ró-ualach ar bhainc trí shraitheanna forluiteacha caipitil a shocraítear chun críoch éagsúil ach d'fhéadfadh sé, i gcásanna áirithe, aghaidh a thabhairt ar na rioscaí céanna agus srianta neamh-inmhianaithe a fhorchur ar úsáid maolán caipitil tráth struis. Mar shampla, trí áireamh dubailte a dhéanamh ar ionstraimí áirithe chun maoláin chaipitil agus íoscheanglais eile a chomhlíonadh (cóimheas gearála agus ICDI), is féidir cosc a chur ar bhainc maoláin a úsáid gan ceanglais a sháru. D'fhéadfadh braistintí infheisteoirí agus ábhair imní maidir le brabúsacht inúsáidteacht mhaolánach a dhéanamh níos casta freisin. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ní mór do na húdaráis ábhartha cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh maidir le ceanglais mhicreastuamachta, réitigh agus macrastuamachta a leagan síos. Cé gur cheart do na húdaráis rogha a bheith acu, ba cheart socrú na gceanglas a bheith

²³ An Banc Ceannais Eorpach (2025), [Simplification of the European prudential regulatory, supervisory and reporting framework](#) [An creat Eorpach um rialáil, maoirseacht agus tuairisciú stuamachta a shimpliú].

níos intuartha agus níos trédhearcaí chun go mbeidh na bainc in ann pleanáil chaipitil níos éifeachtúla a dhéanamh agus trédhearcacht mhéadaithe a chur ar fáil don mhargadh airgeadais.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- *Sásraí comhordúcháin níos láidre a mholadh idir na húdaráis atá freagrach as rialacha micreastuamachta, réitigh agus macrastuamachta a chur chun feidhme chun a áirithiú go socrófar ceanglais go comhleanúnach agus go mbeidh siad faoi réir cuntasacht threisithe agus níos soiléire. Beidh ar na húdaráis feabhas a chur ar chomhordú agus ar mhalartú faisnéise, lena léireofar dearcadh iomlánaíoch maidir leis na riachtanais chaipitil fhoriomlána don chóras ina iomláine agus don bhanc atá i gceist araon.*
- *Athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta chun caighdeán theicniúla a leasú, i gcás inar gá, ar fud an chreata, an ceanglas maidir le measúnuithe tionchair ó ÚBE a neartú agus sásraí cuntasachta/riailithe a fheabhsú maidir leis an gcaoi a ndéanfaítear sainorduithe agus a gcuirtear i bhfeidhm iad.*
- *Moladh a dhéanamh go n-aistreofaí rialacha micreastuamachta, réitigh agus macrastuamachta áirithe ina rialacháin atá infheidhme go díreach chun soiléireacht agus cóineasú maoirseachta a fheabhsú agus chun an t-ualach riaracháin ar bhainc a laghdú.*

➤ *Ceanglais maidir le tuairisciú agus nochtadh a chuíchóiriú*

Cé go bhfuil ceanglais maidir le tuairisciú agus nochtadh ríthábhachtach d'earnáil baincfeireachta dhea-fheidhmiúil, tá ualach an-trom ag baint leis an gcreat tuairiscithe do bhainc anois. Meastar gurb é EUR 11,2 billiún in aghaidh na bliana na costais tuairiscithe iomlána do bhainc an Aontais, lena gcuimsítear an caiteachas uile a bhaineann le hoibriú an chórais tuairiscithe (seirbhísí foirne, TF, dlí, cuntasáíochta, iniúchóireachta agus comhairliúcháin)²⁴. Eascraíonn an t-ualach tuairiscithe as na hathruithe a dhéantar go minic ar cheanglais tuairiscithe, castacht nach bhfuil gá léi, easpa soiléireachta agus comhsheasmhachta, agus dubailt tuairiscithe a eascraíonn as an gcomhroinnt theoranta sonraí i measc na n-údarás.

Rinneadh bearta nach beag cheana féin chun ceanglais tuairiscithe a shimpliú agus a chuíchóiriú, rud atá i gcomhréir freisin le straitéis an Choimisiúin maidir le sonraí maoirseachta²⁵. Áirítear orthu sin athruithe reachtacha chun athúsáid sonraí maoirseachta le haghaidh nochtaí a shimpliú agus bearta eile chun an t-ualach tuairiscithe ar institiúidí beaga neamhchasta (Mol Sonraí Cholún 3), an Rialachán maidir le Comhroinnt Sonraí Níos Fearr a laghdú go suntasach, rud a chuirfidh srian le hiarrataí ar shonraí dúblacha agus a chuirfidh de cheangal ar údaráis an Aontais athbhreithniú rialta a dhéanamh ar thuairisciú iomarcach agus

²⁴ An tÚdarás Baincfeireachta Eorpach (2021), [Study of the cost of compliance with supervisory reporting requirements](#) [Staidéar ar an gcostas a bhaineann le ceanglais tuairiscithe maoirseachta a chomhlíonadh].

²⁵ An Coimisiún Eorpach (2021), [Strategy on supervisory data in EU financial services](#) [Straitéis maidir le sonraí maoirseachta i seirbhísí airgeadais an Aontais].

deireadh a chur leis agus dul chun cinn a dhéanamh freisin maidir lena n-iarrachtaí maidir le tuairisciú comhtháite²⁶, agus maidir le pacáiste Omnibus I agus simplithe ina dhiaidh sin ar thacsanomaíocht an Aontais agus ar Chaighdeán Eorpacha maidir le Tuairisciú um Inbhuanaitheacht²⁷. A luaithe a bheidh an Pointe Rochtana Aonair Eorpach i bhfeidhm, cuirfear feabhas freisin ar inrochtaineacht agus laghdófar dúbailt trí rochtain láraithe leictreonach ar shonraí poiblí maidir le bainc agus maidir lena dtáirgí a éascú. Leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil le ÚBE chun a áirithiú go mbeidh na ceanglais maidir le tuairisciú stuamachta agus nochtadh comhréireach agus comhsheasmhach leis an gcreat inbhuanaitheachta níos leithne.

Thairis sin, tá roinnt bearta substainteacha curtha chun feidhme cheana féin ag ÚBE chun an t-ualach tuairiscithe ar bhainc a laghdú. In éineacht le bearta breise a mholtar in 2026, meastar go dtiocfaidh laghdú 50 % ar an líon pointí sonraí i gcreataí tuairiscithe an Aontais²⁸. D'ainneoin an dul chun cinn sin, deimhníonn páirtithe leasmhara gur gá tuilleadh cuíchóirithe a dhéanamh, agus gurb iad comhtháthú tuairiscithe, comhréireacht agus uasghrádú teicneolaíochta na tosaíochtaí atá ann.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- ***Tacú leis an aistriú ón gcur chuige tuairiscithe atá ann faoi láthair chuig tuairisciú stuamachta, staidrimh agus réitigh níos comhtháite, agus socruithe láidre rialachais agus foclóir um shonraí comhchoiteanna mar bhunchlocha agus na húdaráis ábhartha a dhreasú, a gheobhaidh comhairle ón gComhchoiste um Thuairisciú Bainc, chun dul ar aghaidh leis an obair theicniúil agus feabhsuithe follasacha a bhaint amach.***
- ***Agus na roghanna uile atá ar fáil chun feabhas a chur ar iomaíochas earnáil baincéireachta an Aontais á gcur san áireamh, lena n-áirítear athbhreithniú féideartha a dhéanamh ar shainordú ÚBE, athruithe reachtacha spriocdhírithe a mholadh, i gcás inar gá, chun sainordú a thabhairt do ÚBE tuilleadh comhréireachta, simplithe agus uathoibrithe a sholáthar maidir le tuairisciú ar leibhéal teicniúil, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le tairseacha ábharthachta le haghaidh mionearráidí tuairiscithe agus gnéithe eile lena méadaítear an t-ualach tuairiscithe go míchuí.***
- ***Leasuithe ar Rialachán ÚBE maidir le gníomhartha Leibhéal 2 a mholadh, ar leasuithe iad atá ar aon dul leis na leasuithe a tugadh isteach sa togra chun Rialachán ESMA a leasú faoin bPacáiste maidir le Comhtháthú Margaidh agus Maoirseacht (MISP). Iarrtar ar ÚBE a leabhar rialacha idirghníomhach aonair a athchóiriú trí Threoraíocht agus Ceisteanna agus Freagraí uile Leibhéal 3 a nascadh***

²⁶ IO L, 2025/2088, 21.10.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2088/oj>

²⁷ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann leis na dátaí óna bhfuil na Ballstáit le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach a chur i bhfeidhm, [COM/2025/80 final](#)

²⁸ An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (2026), [Efficient reporting: simpler, smarter, proportionate](#) [Tuairisciú éifeachtúil: simplí, cliste, comhréireach].

go díreach le forálacha comhfhreagracha an chreata dhlíthiúil ar a shuíomh gréasáin, agus ar an gcaoi sin inrochtaineacht agus trédhearcacht a fheabhsú. Mar chuid den phróiseas sin, d'fhéadfadh ÚBE iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna agus freagraí atá ann cheana agus na cinn sin atá as dáta a bhaint.

- *Tacú le ÚBE agus le húdaráis eile tuairisciú dúblach a athbhreithniú, a laghdú agus a bhaint go rialta, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Sonraí Níos Fearr.*
- *Oibriú le húdaráis náisiúnta chun tuairisciú náisiúnta breise a theorannú, ós rud é go gcuirtear go mór leis an gcastacht agus leis an ualach ar eintitis tuairiscithe leis an tuairisciú breise sin. Údaráis náisiúnta a dhreasú chun leas iomlán a bhaint as an rogha sonraí a chomhroinnt faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Sonraí Níos Fearr.*

4. An t-iomaíochas mar fhreagracht chomhroinnte

Chun feabhas a chur ar iomaíochas earnáil baincéireachta an Aontais, beidh gá le hathrú cultúir i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile. Ní mór rioscaí na hearnála baincéireachta a bhainistiú go maith, go háirithe sa chomhthéacs atá ann faoi láthair ina bhfuil na rioscaí níos seanbhunaithe a bhaineann le creidmheas, oibríochtaí agus forbairtí sa mhargadh níos measa anois mar gheall ar rioscaí níos nuai a bhaineann le cibearghníomhaíocht, teannas geopholaitiúil, bagairtí comhshaoil agus aeráide. Mar sin féin, ba cheart don bhainistiú riosca díriú ar bhagairtí ábhartha, ag imeacht ó chineálacha cur chuige atá bunaithe go docht ar chomhlíonadh chun go mbeidh cur chuige níos éifeachtúla, níos iomlánaíche agus níos dírithe maidir le bainistiú riosca ann.

Ba cheart don Choimisiún faireachán níos réamhghníomhaí a dhéanamh agus cothromaíocht leordhóthanach a áirithiú idir dul i riosca agus cobhsaíocht airgeadais, chun a áirithiú nach gcuirfidh an creat agus a chur i bhfeidhm bac ar iomaíochas agus ar fhás. Ba cheart do rialtóirí agus d'údaráis mhaoirseachta díriú ar na rioscaí is tábhachtaí don chobhsaíocht airgeadais fhoriomlán, agus cultúr neamhfhluaingthe riosca a sheachaint, ós rud é go bhféadfadh sé sin bac a chur ar bhainc tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch. Níor cheart do lucht ceaptha beartas sainiúlachtaí náisiúnta a choinneáil más rud é gur bearta iad lena ndéantar an margadh a ilroinnt. Ba cheart ionstraimí cuntasachta a úsáid a mhéid is féidir, agus, má tá siad neamhéifeachtach, ba cheart iad a threisiú.

Is é an Coimisiún príomhinstitiúid an Aontais atá freagrach as sainordú iomaíochais agus iomaíochta an Aontais a chur i bhfeidhm. As seo amach, treiseoidh an Coimisiún an úsáid a bhaineann sé as an bhfreagracht atá air athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmiú chóras baincéireachta na hEorpa agus ar a thionchar ar an margadh inmheánach, rud a chuideoidh lena áirithiú go leanfaidh gníomhaíochtaí maoirseachta agus réitigh de bheith éifeachtach, comhréireach agus go dtacóidh siad le dea-fheidhmiú an mhargaidh aonair agus le hiomaíochas

an Aontais²⁹. Tá an Coimisiún ag obair le ÚBE chun a áirithiú go bhfuil a threoraíocht mhaoirseachta comhréireach, go háirithe nuair atá sí faoi réir próisis ‘comhlíon nó mínigh’.

An tráth céanna, ní mór do bhainc, dá mbainisteoirí sinsearacha agus dá bhfoireann, chomh maith le hiniúcháirí agus cuntasóirí, a bheith toilteanach a bheith mar chuid den athrú cultúir sin agus níos mó freagrachta a ghlacadh as an dlí a chur i bhfeidhm bunaithe ar ábharthacht. Cé gur cheart do rialtóirí agus do mhaoirseoirí cur chuige níos comhréirí a ghlacadh agus gníomhú chun castacht, fad agus leibhéal mionsonraithe a mbeart a laghdú – bíodh sé go mbaineann sé sin leis an dlí, le treoraíocht nó le sraitheanna ceisteanna agus freagraí – ní mór do bhainc a gcion féin a dhéanamh agus gan treoraíocht a bheith á n-éileamh go leanúnach acu agus leibhéal níos airde deimhneachta dlíthiúla á lorg acu i gcónaí. Ba cheart comhlíonadh an dlí a bheith bunaithe ar a bhunsbaint seachas dul i ngleic leis mar chleachtadh ‘cuir tic sa bhosca’. Is freagracht chomhroinnte é athrú a dhéanamh ar na hiompraíochtaí, arbh é tionchar comhcheangailte na n-iompraíochtaí sin ba chúis le timpeallacht bhaincéireachta a chruthú atá hipear-fhorordaitheach, róchasta agus ina bhfuil col riosca den chuid is mó.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- *Oibriú le ÚBE, maoirseoirí agus rannpháirtithe sa mhargadh chun idirdhealú níos soiléire a dhéanamh idir ceanglais – lena n-éilítear comhlíonadh – agus treoraíocht neamhcheangailteach lena gcomhchuibhítear an chaoi a gcuirtear ceanglais i bhfeidhm.*
- *Breithniú a dhéanamh ar shainordú do ÚBE agus do BERS tuarascálacha a chur ar fáil go rialta maidir le leormhaitheas na gceanglas caipitil bainc ar fud an Aontais chun na próisis chuntasachta atá ann cheana a threisiú (i gcomhthéacs Pharlaimintí na hEorpa agus na bparlaimintí náisiúnta, agus i gcomhthéacs na Comhairle agus na rialtas náisiúnta).*
- *Oibriú le húdarais an Aontais agus le húdarais náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh cleachtais mhaoirseachta neodrach maidir le samhail eagraíochtúil bainc agus nach ndéanfar gníomhaíocht baincéireachta trasteorann a dhíspreagadh le, lena n-áirítear trí bhraintí agus saorsholáthar seirbhísí.*
- *Plé rialta a eagrú le SAM agus BRA, agus b’fhéidir le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun plé a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais baincéireachta agus ar thionchar na ngníomhaíochtaí maoirseachta agus réitigh ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.*

5. Rannpháirtíocht agus na chéad bhearta eile

Sa Teachtaireacht seo, tá bealach chun cinn i dtreo earnáil baincéireachta níos iomaíche san Aontas leagtha amach ag an gCoimisiún lena nasctar coigilteas le hinfheistíochtaí ar bhealach níos éifeachtúla, lena mbainfear leas níos fearr as acmhainneacht na margaidh

²⁹

Airteagal 32 de Rialachán (AE) 1024/2013 agus Airteagal 94 de Rialachán (AE) 806/2014.

trasteorann agus intíre araon agus lena n-áiritheofar go mbeidh an rogha is leithne de roghanna maoiniúcháin is féidir, na costais is ísle is féidir agus na torthaí is airde is féidir ag teaghlaigh agus gnólachtaí. Ní mór d'earnáil baincéireachta níos iomaíche a bheith athléimneach, brabúsach agus oscailte don iomaíocht agus don nuálaíocht. Chun an bealach chun cinn sin a bhaint amach, beidh gá le hathchóiriú nach beag, cuimsitheach agus réamhbhreathnaitheach, a bheidh dírithe ar fheabhsuithe ardtionchair.

Aithníonn an Coimisiún uaillmhian na gcomhreachtóirí an creat baincéireachta a athchóiriú agus iomaíochas bhainc an Aontais a neartú, mar a cuireadh i láthair sna conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2025³⁰ agus i mí an Mhárta 2026³¹, agus sa tuarascáil bhliantúil ón bParlaimint maidir leis an Aontas Baincéireachta³².

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún do na páirtithe leasmhara uile a bheith uaillmhianach maidir leis na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme agus cuireann sé fáilte roimh aiseolas ar an Teachtaireacht seo agus bearta á n-ullmhú aige a bheidh le moladh sa chéad ráithe de 2027.

³⁰ An Chomhairle Eorpach (Nollaig 2025), [*Conclúidí i dtaca le Rialachán an Aontais maidir le Seirbhísí Airgeadais a Shimpliú*](#)

³¹ [*Conclúidí ón gCruinniú den Chomhairle Eorpach*](#) (Márta 2026)

³² Parlaimint na hEorpa (Aibreán 2026), [*An tAontas Baincéireachta – tuarascáil bhliantúil 2025*](#)